

Maitiú Ó Tuathail

Micheál G. Ó Tuathail

Rugadh Maitiú Ó Tuathail, nó Matt Mhicilín mar is fearr aithne air, ar an gcéad lá d’Fheabhra 1919 i dteach beag ceann tuí i mBaile na hAbhann, Coill Rua Thiar. Dá réir sin, bhí sé 100 bliain d’aois Lá ’le Bríde na bliana seo. Micheál Ó Tuathail a bhí ar a athair, agus ba as Baile na hAbhann, Coill Rua Thiar dó. Bhí sé pósta ag Sorcha Ní Loideáin, as an mBóthar Buí, paróiste an Chnoic. Chomh fada le mo bharúil phós siad i 1916. Bhí triúr clainne acu – Máire, Maitiú agus Jude. Bhí Máire ar an mbean ba shine, Maitiú ar an dara duine agus Jude ar an duine ab óige. Fuair Micheál bás nuair a bhí Maitiú 7 mbliana.

Phós Sorcha aríst, Seán Ó Tuathail as Leithrinn, An Cnoc. Bhí ceathrar clainne acu – Cóil, Kate, Áine agus Nóra. Fuair Nóra bás in aois 11 bhliain.

In 1957 phós Maitiú agus Saera Donohoe. Bhí cúigear clainne acu – Máire, Micheál, Bairbre, Sorcha agus Cóilín. Feirmeoir a bhí i Maitiú le 8 n-acra talún. Bhí dhá bhó bhainne ar an bhfeirm, dhá asal agus roinnt caoirigh. Bhí comharsa ag cur síos dom ar bhliain amháin go raibh 7 gcaora aige agus go raibh 7 gcúpla uan ag na caoirigh sin. Bhí cearca agus coileach nó dhó ar an bhfeirm chomh maith. Bhí fadhb leis an sionnach ag an am agus mharaigh sé cearc uair nó dhó.

Le dhá asal agus cléibh a dhéantaí an obair san earrach agus sa samhraidh. Ag baint fheamainne le leasú garraí fataí san earrach agus le hualach móna chur amach ar an mbóthar nó abhaile sa samhraidh. Bhí carraigín le baint agus le triomú. Bhí leigheas le baint as an gcarraigín. Bhíodh muid ag faire amach ar an athrú trá le dhul chomh fada leis na clocha, an áit a raibh an carraigín ag fás agus bhí muid ag brath uirthi. Ag baint mhóna le sleán, ag gróigeadh agus ag athghróigeadh nuair nach mbíodh an aimsir an-mhaith.



Maitiú agus Saera ar lá a bpósta.

Ó chlér: Saera, An tAthair Ó Ruadháin, S.P. an Chnoic agus Maitiú



Meit agus Saera in 2005.

Bhí eolas maith ar an áit agus ar na hacmhainní nádúrtha a bhí ann. Bhí an tobar fíoruisce ar gach baile. Bhí eolas cén áit a thiocfadh duine ar chrann cuilinn le caora dearga a fháil faoi Nollaig.

Bhí an saol cruu ag an am agus d’oibrigh Maitiú in aon áit a raibh saothrú le fáil – tabhairt lá oibre do chomharsan, ag obair ar an Achréidh agus fiú chomh fada le Sasana. D’oibrigh sé ar an mBeet i Surrey, Saint Edmond in aimsir an Dara Cogadh Domhanda. Bhí cósta na Fraince le feiceáil trasna an chuain.

Bhí sé stuama agus bhíodh sé ag caoladóireacht ó am go ham, ag déanamh cléibh agus ciseáin as slatracha sailí agus saileánach de réir mar a bhí éileamh orthu. Thóg sé a theach féin in 1954.

Le linn óige Mhaitiú bádhdh triúr fear a bhí ar a mbealach abhaile ó Aonach an Spidéil. Ba uncail le Mhaitiú duine acu, Pádraic nó Seán Ó Loideáin.

Tá Maitiú ag caitheamh an tsaoil go compordach sa mbaile anois. Is maith leis corrghal tobac a chaitheamh. Cónaíonn a chlann ar fad sa gceantar. Bhásaigh a bhean céile, Saera in 1996. Go ndéana Dia grásta uirthi. ■